An Coimisiún Pleanála

# An Coimisiún Pleanála

# Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

2025

# Clár Ábhar

**Ráiteas ónár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** ..... **3**
Comhthéacs na heagraíochta ..... 4
An dul chun cinn go dtí seo ..... 4
**Ár spriocanna** ..... **5**
Anailís ar astaíochtaí carbóin ..... 5
Anailís ar éifeachtúlacht fuinnimh ..... 5
Gníomhartha/tionscadail a theastaíonn chun spriocanna a chomhlíonadh ..... 5
**Ár nDaoine – Ceannaireacht agus Rialachas** ..... **6**
An Fhoireann Ghlas ..... 6
Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta ainmnithe ..... 6
**Ár nDaoine – Aird ár bhFoirne a Tharraingt** ..... **8**
Oiliúint Bheartaithe san Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta ..... 8
Pleananna Oiliúna Foirne agus Ceardlanna Inbhuanaitheachta ..... 8
**Ár Modh Oibre** ..... **9**
Struchtúr rialachais ..... 9
Córais bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil ..... 9
Soláthar Poiblí Glas ..... 9
Úsáid Acmhainní ..... 10
Bainistíocht Dramhaíola ..... 10
Dramhbhia agus Bia Orgánach ..... 10
Míreanna Aonúsáide ..... 10
Trealamh TFC a Sholáthar ..... 11
Digitiú agus Próisis Pháipéarbhunaithe ..... 11
Uisce ..... 12
**Ár bhfoirgnimh agus ár bhfeithiclí** ..... **13**
Feithiclí ..... 13
Rothaíocht agus Soghluaisteacht Chomhroinnte a Chur Chun Cinn ..... 13
Deireadh a chur de réir a chéile le páirceáil ..... 13
Foirgnimh ..... 13
Córais téimh breoslaí iontaise ..... 14
Taispeáint Deimhnithe Taispeána Fuinnimh ..... 14
Soláthar Seirbhísí Glantacháin ..... 14
Pleananna Stoc Foirgneamh ..... 14

# Ráiteas ónár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá an Coimisiún Pleanála tiomanta do ról gníomhach a imirt ina chinntiú go mbaintear amach na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach do chomhlachtaí poiblí maidir le dícharbónú agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Comhlíonaimid na hoibleagáidí sin trína chinntiú go gcomhlíonann ár n-eagraíocht ár bhfeidhmeanna i gcomhréir le halt 15(1) den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2021, agus leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, arna nuashonrú sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025.

Táimid tar éis dul trí thréimhse athruithe laistigh den eagraíocht, mar is léir ó na hathruithe rialachais a rinneadh le déanaí, ón méadú suntasach atá tagtha ar ár líon foirne agus ón athrú ar ár n-ainm. Le linn na tréimhse sin, bhí gníomhú ar son na haeráide ina thosaíocht againn i gcónaí. Coinnímid ár gcur chuige ó bharr anuas ar bun, agus táimid fós ag comhlíonadh gach ceanglais tuairiscithe, tríd an gcóras M&R-2030 de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus trínár dTuarascáil Bhliantúil araon.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann ar fad, a dhéanann iarrachtaí comhfhiosacha maidir le gníomhú ar son na haeráide. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe lenár bhFoireann Ghlas agus lenár bhFoireann Bainistíochta Saoráidí, a chuireann athruithe dearfacha chun feidhme, a dhéanann dul chun cinn ar thionscnaimh aeráide, agus a dhéanann faireachán agus tuairisciú ar ár ngníomhartha.

Tá an Coimisiún Pleanála tiomanta do thionchar comhshaoil ár ngnáthphróiseas laethúil agus ár ngnáthghníomhaíochtaí laethúla a íoslaghdú, agus cuirfimid leis na bearta atá déanta againn go dtí seo ionas go mbeimid in ann ár n-oibleagáidí aeráide atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh.



**Peter Mullan**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

## Comhthéacs na heagraíochta

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an gCoimisiún Pleanála faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus faoin Straitéis Earnála Poiblí um Ghníomhú ar Son na hAeráide 2023-2025 spriocanna a bhaineann le dícharbónú agus le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Áirítear leis sin Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhoilsiú. Is é cuspóir an treochláir fís straitéiseach, comhordú straitéiseach, eagrú straitéiseach, slógadh straitéiseach agus pleanáil straitéiseach ag an eagraíocht a spreagadh, agus aird á tabhairt ar na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

- Laghdú 51% ar a laghad in astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030
- Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoin mbliain 2030

## An dul chun cinn go dtí seo

Go dtí seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoimisiún Pleanála ar na spriocanna sin a bhaint amach.

Sa bhliain 2024:

- Coinníodh ár n-aschur $CO_2$ iontaise ag 0 $kgCO_2$. Tá sé sin ag teacht le figiúr bonnlíne na heagraíochta.
- Bhí ár n-astaíochtaí iomlána $CO_2$ 41.7% níos ísle ná ár bhfigiúr bonnlíne.
- Chuireamar feabhas 65.1% ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh i gcomparáid lenár bhfigiúr bonnlíne.

Is féidir tuilleadh faisnéise maidir le giniúint figiúirí bonnlíne a fháil faoin rannán “Ár Spriocanna”. Tá an Treochlár seo i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach sa leagan nuashonraithe den Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, arna leasú leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025.

# Ár spriocanna

## Anailís ar astaíochtaí carbóin

Is é **215,024 kgCO2** an bhonnlíne dár n-astaíochtaí iomlána CO2. Gintear é sin ó mheán ár bhfigiúirí don tréimhse 2016-2018, arna socrú ag SEAI.

Is é **124,647 kgCO2** ár n-aschur iomlán astaíochtaí CO2 don bhliain 2024. Is **laghdú 41.7%** é sin i gcomparáid lenár mbonnlíne. Is é 46,210 kgCO2 ár sprioc don bhliain 2030.

## Anailís ar éifeachtúlacht fuinnimh

Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tá **feabhsú 65.1%** bainte amach ag an gCoimisiún Pleanála ónár bhfigiúr bonnlíne sa bhliain 2024, arna dhíorthú ónár meán don tréimhse 2006-2008. Tá na sonraí sin bunaithe ar ár bPríomhtháscairí Feidhmíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh, mar a dhéantar taifeadadh agus faireachán orthu trí chóras Faireacháin agus Tuairiscithe SEAI (M&R-2030).

Tá an sprioc 50% bainte amach againn agus tá sé mar aidhm againn an laghdú sin a choinneáil ar bun ar fud na tréimhse go dtí an bhliain 2030.

## Gníomhartha/tionscadail a theastaíonn chun spriocanna a chomhlíonadh

Maidir le húsáid fuinnimh, leanfaidh an Coimisiún Pleanála de shonraisc mhíosúla leictreachais a úsáid chun taifeadadh agus faireachán a dhéanamh ar an úsáid agus an costas in aghaidh na míosa, agus idirdhealú á dhéanamh idir úsáid sa lá agus úsáid san oíche. Leis an bpróiseas sin, cuirtear ar ár gcumas úsáid a rianú agus í a chur i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe agus cabhraítear le haird a tharraingt ar aon neamhrialtachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.

Ar fud na bliana 2024, rinneamar daingneáin solais a uasghrádú go bolgáin LED, nuair ba ghá bolgáin a athrú. Leanfaimid den phróiseas sin go dtí go mbeidh na haonaid uile ag úsáid bolgáin LED.

# Ár nDaoine – Ceannaireacht agus Rialachas

## An Fhoireann Ghlas

Tá an Fhoireann Ghlas comhdhéanta de phearsanra ó gach rannóg san fhoirgneamh chun cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt agus a spreagadh thar ceann na foirne uile agus thar ceann na heagraíochta. Is é an aidhm feasacht a chur chun cinn i measc na foirne ar cé chomh riachtanach agus chomh tairbheach atá cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus úsáid na gcleachtas sin a spreagadh i ngnáthobair laethúil an Choimisiúin. Imríonn an Fhoireann Ghlas ról lárnach i ngníomhartha aeráide a chur i gcrích atá éifeachtach agus tarraingteach don fhoireann. Tá an Fhoireann Ghlas freagrach as na nithe seo a leanas:

- an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar bhonn tráthrialta maidir le tionscnaimh chomhshaoil agus aeráide,
- cainteanna agus ceardlanna inmheánacha a eagrú ar thopaicí amhail an bhithéagsúlacht, an fuinneamh, agus an gníomhú ar son na haeráide,
- an gairdín dín a bhainistiú, agus
- cúraimí/tionscnaimh inbhuanaithe eile de réir mar a thagann siad chun cinn.

## Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta ainmnithe

Is é Oifigeach Sinsearach Riaracháin na Rannóige Bainistíochta Saoráidí agus Comhshaoil an Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta don Choimisiún Pleanála. Áirítear iad seo a leanas leis an ról atá ag an gCuradh Aeráide agus Inbhuanaitheachta inár n-eagraíocht:

- an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt air,
- a chinntiú go mbíonn baill foirne gafa le gníomhú ar son na haeráide agus go bhfuil oiliúint chuí acu ann,
- gníomhú thar ceann na Foirne Glaise chun tionscnaimh a chur in iúl don Fhoireann Ardbhainistíochta chun a chinntiú gur féidir cabhrú le baill foirne páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí, agus

- aiseolas a sholáthar ón bhfoireann ardbhainistíochta don Fhoireann Ghlas agus don Rannóg Bainistíochta Saoráidí agus Comhshaoil maidir le tionscadail fhéideartha nó le gníomhaíochtaí féideartha.

# Ár nDaoine – Aird ár bhFoirne a Tharraingt

## Oiliúint Bheartaithe san Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta

I láthair na huaire, tá cúrsa oiliúna dhá lá i gceannaireacht sa ghníomhú ar son na haeráide curtha i gcrích ag baill den Fhoireann Ardbhainistíochta. Cé go gceanglaítear leis an sainordú ar gach ball den fhoireann ardbhainistíochta ag leibhéal an Phríomhoifigigh freastal ar an oiliúint sin, cinneadh go hinmheánach go bhfreastalódh baill den fhoireann ardbhainistíochta ag leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh Chúnta agus os a chionn uirthi, toisc go suíonn siad ar an gCoiste Bainistíochta.

Tá sé beartaithe go dtabharfar cuireadh don Bhord Rialaithe, do na Coimisinéirí Pleanála agus do gach ball den Fhoireann Ardbhainistíochta an oiliúint sin a chur i gcrích sa 12 mhí atá romhainn.

Cinnteoidh an Coimisiún Pleanála go gcuirfear an oiliúint sin ar gach ball foirne nua ag na leibhéil sin feasta, chun a chinntiú go gcoimeádfar tús áite don chur chuige ó bharr anuas i leith gníomhú ar son na haeráide ar fud na heagraíochta.

## Pleananna Oiliúna Foirne agus Ceardlanna Inbhuanaitheachta

Chomh maith leis an oiliúint a n-eagraíonn an Fhoireann Foghlama agus Forbartha í, leanfaidh an Fhoireann Ghlas freisin de chaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann trí chainteanna agus imeachtaí tráthrialta ar ghnóthaí comhshaoil reatha amhail an tSeachtain Bithéagsúlachta Náisiúnta agus imeachtaí Taistil Níos Cliste. Chomh maith leis sin, scaipeann sí postálacha digiteacha nuachta go tráthrialta, lena n-áirítear an t-eolas is deireanaí ar fhoirgnimh agus ar an eagraíocht, quizeanna idirghníomhacha, agus comórtais.

# Ár Modh Oibre

## Struchtúr rialachais

Glacann an Coimisiún Pleanála cur chuige ó bharr anuas i leith gníomhú ar son na haeráide. Déanann ár Rannóg Bainistíochta Saoráidí agus Comhshaoil agus Aramark, ár gconraitheoir saoráidí, tionscnaimh chomhshaoil a chur i gcrích agus a bhainistiú. Is ceannaire margaidh i mBainistíocht Saoráidí agus Maoine é Aramark, agus cloíonn sé leis an dea-chleachtas maidir le soláthar glas. Cabhraíonn sé leis an Rannóg Bainistíochta Saoráidí agus Comhshaoil feabhas a chur ar chórais foirgnimh, ar éifeachtúlacht fuinnimh, agus ar mhodhanna athchúrsála.

## Córais bainistíochta fuinnimh agus comhshaoil

Ceanglaítear ar an gCoimisiún Pleanála tuarascálacha tráthrialta a chur faoi bhráid SEAI trína chóras faireacháin agus tuairiscithe dar teideal 'M&R-2030'. Úsáidtear na sonraí sin chun faireachán a dhéanamh ar ár ndul chun cinn bliantúil ar ár spriocanna a bhaint amach agus chun réamh-mheastacháin don todhchaí a ghiniúint.

Cuireann Aramark staitisticí míosúla ar fáil a bhaineann le diúscairt dramhaíola.

## Soláthar Poiblí Glas

Le plean bliantúil soláthair an Choimisiúin Pleanála, ceanglaítear orainn critéir Soláthair Phoiblí Ghlais a chur ar áireamh inár bpróisis soláthair, i gcás gurb indéanta. Éascaítear iarrachtaí Soláthair Phoiblí Ghlais freisin tríd an úsáid a bhainimid as Creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais a gcuirtear critéir ghlasa ar áireamh iontu.

Tá sé beartaithe againn cur leis an gceanglas sin ar na bealaí seo a leanas:

- Cloí le Ciorclán 17/2025, rud ina dtugtar Treoracha Soláthair Phoiblí Ghlais nuashonraithe do Chomhlachtaí Earnála Poiblí
- Soláthar Poiblí Glas a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Sainordú um Sholáthar Poiblí Glas a Chur Chun Feidhme atá leagtha amach in 'Ceannach Níos Glaise: Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027'

- A chinntiú go ndéanfaimid ceanglais Soláthair Phoiblí Ghlais a chur ar áireamh inár mBeartas Soláthair Chorparáidigh nuair a dhéanfar athbhreithniú air.

## Úsáid Acmhainní

### Bainistíocht Dramhaíola

Déanann Aramark, ár gconraitheoir saoráidí, faireachán ar an dramhbhia a ghintear ar an láithreán, agus eisítear staitisticí gach mí. Áirítear leo sin grafaic leithscartha dramhaíola mar aon le huimhirluachanna don mhéid a dhéantar a dhiúscairt gach mí.

Tá córais araidí bailithe láraithe a bhfuil comharthaíocht chuí orthu i ngach limistéar plean oscailte, agus baineadh gach ceann de na haraidí aonair ag deasca. Tá sé mar aidhm leis sin spreagadh a thabhairt don fhoireann dramhaíl a leithscaradh agus na haraidí láraithe a úsáid dá réir.

### Dramhbhia agus Bia Orgánach

Cuirtear sos tae maidine ar fáil don fhoireann inár gceaintín. Déantar faireachán tráthrialta ar na tairiscintí agus déantar iad a choigeartú de réir an fhreastail ar an oifig chun dramhbhia a íoslaghdú. Níl aon tairiscintí bia ullmhaithe eile ann ar an láithreán.

Déanann Aramark, ár gconraitheoir saoráidí, faireachán ar dhramhbhia agus tuairiscítear dúinn é mar chuid dár staitisticí míosúla dramhaíola.

In aon socruithe nua conartha a bhaineann le seirbhísí ceaintín nó bia, lena n-áirítear imeachtaí agus comhdhálacha, cuirfear bearta ar áireamh a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhramhbhia, agus béim ar leith á cur ar dhramhbhia a chosc agus ar dhramhbhia a leithscaradh, agus aird á tabhairt ar an ngealltanas ó Éirinn dramhbhia a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030.

### Míreanna Aonúsáide

Chuir an Coimisiún Pleanála deireadh le plaistigh aonúsáide a úsáid sa bhliain 2019. Áiríodh leo sin cupáin indiúscartha, sceanra indiúscartha agus soip indiúscartha. Tá

an Coimisiún Pleanála ar an eolas faoi na ceanglais maidir le plaistigh aonúsáide i ngach próiseas soláthair. Cuireadh iad sin iúl do chonraitheoirí tríú páirtí a d’fhéadfadh dul i mbun soláthair thar ár gceann.

### Trealamh TFC a Sholáthar

Sa bhliain 2025, cheannaigh an Coimisiún Pleanála 16 ríomhaire glúine faoi *Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh Ríomhairí Glúine Athmhonaraithe a sholáthar*. Leanfaimid de ríomhairí glúine caighdeánacha a cheannach trí úsáid a bhaint as an gCreat sin, i gcás gur féidir, agus leanfaimid d’fhaireachán a dhéanamh ar nuashonruithe ar an gcreat lena gcuirfear gléasanna breise leis.

Nuair nach bhfuil trealamh oiriúnach ar fáil tríd an gcreat sin, ceadaímid *Creat na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh Ríomhairí Deisce, Ríomhairí Glúine agus Ríomhairí Glúine Intiontaithe Windows agus Forimeallaigh agus Seirbhísí Gaolmhara TFC (Ríomhairí Glúine) a sholáthar*. Cé go bhfuil an Creat seo le dul in éag i mí Iúil 2026, agus an fhéidearthacht ann go gcuirfí síneadh leis go dtí mí Iúil 2027, tá sé beartaithe againn nuashonruithe a rianú agus na creataí de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais atá ar fáil a úsáid. I gcás nach bhfuil aon chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais ar fáil le haghaidh gléis, ceadóimid an clár Triple E, ina liostaítear gléasanna atá tíosach ar fhuinneamh agus a chomhlíonann a bhfeidhm i gcómhaith leis an 15% is fearr de ghléasanna a bhfuil feidhmiúlacht chomhchosúil acu, mar a mholann SEAI.

### Digitiú agus Próisis Pháipéarbhunaithe

Tá an Fhoireann Claochlaithe agus Seirbhísí Digiteacha i gceannas ar phríomhchuspóirí claochlaithe dhigitigh a chomhlíonadh trí úsáid mhéadaithe a bhaint as doiciméadacht leictreonach. Tá an Fhoireann i mbun an Córas Nua Bainistíochta Cásanna, Cáschomhaid Dhigiteacha le haghaidh Iarratais Dhíreacha, Anailísíocht Sonraí agus cumas ar líne le haghaidh Gnáthachomhairc Phleanála a chur isteach a sholáthar faoi láthair. Tá sé mar aidhm aici freisin ardán eolasbhunaithe a sholáthar ina mbeidh an fhaisnéis nós imeachta, reachtach agus

oibríochtúil ar fad. Is é an toradh a bheidh ar dhigitiú na nósanna imeachta sin ná go laghdófar úsáid páipéir go mór laistigh den eagraíocht. Tá sé mar sprioc fhadtéarmach ag an rannóg sin deireadh a chur le próisis pháipéarbhunaithe a mhéid is indéanta.

Ina theannta sin, déanann ár Rannóg Bainistíochta Saoráidí agus Comhshaoil athbhreithnithe tráthrialta ar ábhair pháipéir a n-úsáideann an eagraíocht iad chun imscrúdú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na dtáirgí atá in úsáid faoi láthair agus ar na roghanna malartacha atá ar fáil.

Leanfaimid de thomhas agus d'fhaireachán a dhéanamh ar úsáid páipéir agus ar ghiniúint dramhpháipéir agus de bhaill foirne a spreagadh chun an méid a chuireann siad le dramhpháipéar a laghdú.

## Uisce

Tá uisce óil ar fáil don fhoireann trí stáisiúin athlíonta atá á soláthar ag an bpríomhlíonra uisce agus atá suite ar fud an fhoirgnimh. Déanann conraitheoir seachtrach iad a chothabháil faoinár gconradh bainistíochta saoráidí.

# Ár bhfoirgnimh agus ár bhfeithiclí

## Feithiclí

Níl aon fhlít feithiclí ag an gCoimisiún Pleanála.

## Rothaíocht agus Soghluaisteacht Chomhroinnte a Chur Chun Cinn

Glacann Foireann Taistil Níos Cliste an Choimisiúin Pleanála páirt i dtionscnaimh a reáchtálann an tÚdarás Náisiúnta Iompair iad agus cuireann sí chun cinn iad ar fud na heagraíochta.
Áirítear leo sin dúshláin rothaíochta agus siúil.
Chomh maith leis sin, eisímid Suirbhé Taistil Foirne bliantúil agus úsáidimid na torthaí air sin agus na moltaí a soláthraíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair iad chun gníomhartha a chur chun feidhme chun feabhsuithe a dhéanamh.

Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna rochtain ar scéimeanna éagsúla iompair a chur chun cinn agus a éascú. Is féidir le baill foirne ticéid TaxSaver a fháil le haghaidh comaitéireachta, rud a laghdaíonn a gcostas foriomlán in aghaidh an turais. Is féidir le baill foirne leas a bhaint as an Scéim Bike2Work freisin, rud lena dtugtar an deis rothar a cheannach ar ráta i bhfad níos ísle trí "íobairt tuarastail".

Ina theannta sin, tá ceithre chárta Leap agus dhá chárta DublinBike ar fáil do bhaill foirne a bhféadfadh go mbeadh iompar ag teastáil uathu chun dualgais oibre a chomhlíonadh, ar mhaithe le taisteal inbhuanaithe chun críocha oibre a spreagadh.

## Deireadh a chur de réir a chéile le páirceáil

Tá carrchlós againn ina bhfuil 19 spás páirceála rialta agus spás páirceála inrochtana amháin. Déantar iad sin a leithdháileadh ar bhonn riachtanais oibre. Tá tús curtha againn le plé le tiarna talún an fhoirgnimh maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le hathrú úsáide a dhéanamh ar roinnt de na spásanna páirceála.

## Foirgnimh

Tá foirgneamh amháin againn ar léas atá suite ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

## Córais téimh breoslaí iontaise

Ní úsáideann an Coimisiún Pleanála aon chórais téimh breoslaí iontaise.

## Taispeáint Deimhnithe Taispeána Fuinnimh

Tá ár nDeimhniú Taispeána Fuinnimh ar taispeáint ag ár ndeasc seirbhíse, atá inrochtana ag baill foirne agus ag daoine den phobal araon. Is í rátáil C2 ár rátáil reatha.

## Soláthar Seirbhísí Glantacháin

Déanann ár gconraitheoir saoráidí an soláthar seirbhísí glantacháin a bhainistiú. Aon cheanglais nuashonraithe maidir le gníomhartha aeráide agus inbhuanaithe, tarraingeofar aird orthu lena gcur san áireamh i bpróisis tairisceana amach anseo.

## Pleananna Stoc Foirgneamh

Tá ár bplean stoc foirgneamh á athbhreithniú faoi láthair.